Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2020(INI))

18.2.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiún maidir le Montainéagró
(2025/2020(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Marjan Šarec

ACHOIMRE

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 12

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar thuarascálacha 2023 agus 2024 ón gCoimisiún maidir le Montainéagró (2025/2020(INI))

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht Mhontainéagró, den pháirt eile[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2010,

– ag féachaint d'iarratas Mhontainéagró ar bhallraíocht san Aontas Eorpach an 15 Nollaig 2008,

– ag féachaint do thuairim ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le hiarratas Mhontainéagró ar bhallraíocht san Aontas Eorpach (COM(2010)0670), don chinneadh ón gComhairle Eorpach an 16-17 Nollaig 2010 stádas iarrthóra a dheonú do Mhontainéagró agus don chinneadh ón gComhairle Eorpach an 29 Meitheamh 2012 tús a chur le caibidlíocht aontachais an Aontais Eorpaigh le Montainéagró,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú[3],

– ag féachaint do chonclúidí na hUachtaránachta ó chruinniú na Comhairle Eorpaí in Thessaloniki an 19-20 Meitheamh 2003,

– ag féachaint do na dearbhuithe ó na Cruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar an 13 Nollaig 2023 sa Bhruiséil agus an 18 Nollaig 2024 sa Bhruiséil,

– ag féachaint do Phróiseas Bheirlín, a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar' (COM(2020)0641),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal '2023 Communication on EU Enlargement Policy' [Teachtaireacht 2023 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú] (COM(2023)0690), lena ngabhann doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal Montenegro 2023 Report [Tuarascáil 2023 maidir le Montainéagró] (SWD(2020)0694),

[1] IO L 108, 29.4.2010, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2010/224/oj.
[2] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj.
[3] IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj?eliuri=eli%3Areg%3A2024%3A1449%3Aoj&locale=ga.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal ‘Plean nua fáis do na Balcáin Thiar’ (COM(2023)0691),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Márta 2024 maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (COM(2024)0146),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal *2024 Rule of Law Report* [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta] (COM(2024)0800), lena ngabhann an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal 2024 Rule of Law Report – The rule of law situation in the European Union. *Country Chapter on the rule of law situation in Montenegro* [Tuarascáil 2024 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach. Caibidil na Tíre ar staid an smachta reachta i Montainéagró] (SWD(2024)0829),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 dar teideal *2024 Communication on EU Enlargement Policy* [Teachtaireacht 2024 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú] (COM(2024)0690), lena ngabhann doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal Montenegro 2024 Report [Tuarascáil 2024 maidir le Montainéagró] (SWD(2024)0694),

– ag féachaint d’fhorbhreathnú agus do mheasúnuithe tíre an Choimisiúin an 31 Bealtaine 2023 agus an 13 Meitheamh 2024 ar chlár athchóirithe eacnamaíoch Mhontainéagró, agus do na conclúidí comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc a ghlac an Chomhairle an 16 Bealtaine 2023 agus do na conclúidí comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas Eorpach agus Comhpháirtithe na mBalcán Thiar, an Tuirc, an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive agus an Úcráin a ghlac an Chomhairle an 14 Bealtaine 2024,

– ag féachaint do Chomhdhálacha Aontachais AE-Mhontainéagró an 22 Meitheamh 2021, an 13 Nollaig 2021, an 29 Eanáir 2024, an 26 Meitheamh 2024 agus an 16 Nollaig 2024,

– ag féachaint don 11ú Comhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus Montainéagró an 14 Iúil 2022,

– ag féachaint don dearbhú agus do na moltaí a glacadh ag an 22ú cruinniú den Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus Montainéagró, a tionóladh an 31 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain 2024,

– ag féachaint d’aontachas Mhontainéagró le ECAT an 5 Meitheamh 2017,

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 10 Eanáir 2022 dar teideal *EU support for the rule of law in the Western Balkans: Despite efforts, fundamental problems persist* [Tacaíocht AE don Smacht Reachta sna Balcáin Thiar: in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta, tá fadhbanna bunúsacha fós ann], fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta’,

– ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua an Aontais don mhéadú[4],

– ag féachaint do rúin uaithi roimhe seo maidir le Montainéagró,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil an méadú ina phríomhuirlis beartais eachtraigh de chuid an Aontais agus ina infheistíocht gheopholaitiúil straitéiseach i síocháin, cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas;

B. de bhrí go dtugtar breithiúnas ar gach tír ar a fiúntas féin;

C. de bhrí go bhfuil Montainéagró ar an tír a bhfuil an céim is faide bainte amach aici sa phróiseas aontachais agus go bhfuil tacaíocht shuntasach phoiblí aici dó;

Tiomantas d'Aontachas leis an Aontas Eorpach

1. ag aithint tiomantas daingean Mhontainéagró d'aontachas leis an Aontas agus ag deimhniú go dtacaíonn sí go hiomlán le ballraíocht na tíre san Aontas amach anseo;

2. á chur in iúl gur geal léi dul chun cinn dearfach Mhontainéagró maidir le hathchóirithe agus bearta a bhaineann leis an Aontas a achtú, a bhfuil amlíne uaillmhianach agus comhiarrachtaí gníomhaithe polaitiúla, na sochaí sibhialta agus na saoránach mar bhonn agus mar thaca aige; ag moladh Mhontainéagró as na tagarmharcanna eatramhacha le haghaidh Chaibidil 23 agus Chaibidil 24 a chomhlíonadh agus as Tuarascáil Eatramhach dhearfach maidir le Measúnú ar Thagarmharcanna a fháil; á chur in iúl gur díol suntais di dúnadh trí chaibidil caibidlíochta eile, rud a thugann an t-iomlán go sé chaibidil;

3. ag spreagadh na ngníomhaithe polaitiúla uile chun fanacht dírithe ar lánpháirtiú san Aontas agus ar na hathchóirithe is gá; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cobhsaíocht pholaitiúil, le tiomantas agus le rannpháirtíocht chuiditheach i gcomhar le gach páirtí chun bogadh i dtreo caibidlí breise a dhúnadh; á chur i bhfáth nach mór na hathchóirithe arna nglacadh a chur chun feidhme go héifeachtach chun fíordhul chun cinn a áirithiú;

4. á chur in iúl gur geal léi ailíniú leanúnach iomlán Mhontainéagró le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear smachtbhannaí an Aontais, *inter alia* iad sin a bhaineann le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine; ag spreagadh Mhontainéagró chun forfheidhmiú beart sriantach a neartú agus a áirithiú nach dtiocfar timpeall orthu;

5. ag moladh Mhontainéagró as a tacaíocht dhaonnúil agus ábhartha don Úcráin; á mheabhrú go bhfuil Montainéagró ina thír óstach do líon mór dídeanaithe ón Úcráin;

[4] IO C 167, 11.5.2023, lch. 105.

6. á chur in iúl gur cúis mhór imní fós iad trasnaíocht eachtrach urchóideach, iarrachtaí díchobhsaithe, bagairtí hibrideacha agus feachtais bhréagaisnéise ó ghníomhaithe tríú tír agus ag tathant ar Mhontainéagró frithbhearta a ghlacadh i gcomhar leis an Aontas Eorpach agus ECAT; ag tathant ar an Aontas Eorpach agus ar údaráis Mhontainéagró borradh a chur faoi chumarsáid straitéiseach le saoránaigh Mhontainéagró maidir leis na tairbhí a bhaineann le próiseas an mhéadaithe agus ballraíocht san Aontas;

7. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannpháirtíocht athnuaite Pharlaimint Mhontainéagró sa Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais;

Daonlathas agus an smacht reachta

8. ag aithint phríomhról Pharlaimint Mhontainéagró sa phróiseas aontachais; ag tabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, baghcait agus bacainní polaitiúla, chomh maith le teannas atá ag teacht chun cinn arís agus polarú eitneach; á iarraidh go ndéanfaí idirphlé cuiditheach agus go gcothófaí comhdhearcadh ar fud an speictrim pholaitiúil, agus tosaíocht á tabhairt do cháilíocht reachtach; ag spreagadh go láidir comhairliúcháin phoiblí chuimsitheacha thrédhearcacha agus rannpháirtíocht thráthrialta na sochaí sibhialta sa chinnteoireacht;

9. ag iarraidh ar Mhontainéagró a chreat dlíthiúil toghcháin a ailíniú go hiomlán le caighdeáin an Aontais, agus moltaí na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar in Oifig na hEorpa um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine a chur chun feidhme[5]; ag tathant ar Mhontainéagró trédhearcacht agus formhaoirseacht ar chaiteachas páirtithe polaitiúla a mhéadú agus mí-úsáid acmhainní stáit a chosc i gcomhréir le caighdeáin an Aontais;

10. ag iarraidh ar údaráis Mhontainéagró lá toghcháin bhardasaigh náisiúnta amháin a bhunú chun éifeachtúlacht rialachais a fheabhsú, chun teannas polaitiúil a laghdú agus chun cobhsaíocht agus éifeachtacht institiúidí bardasacha agus stáit a neartú;

11. á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le státseirbhís atá gairmiúil, bunaithe ar fhiúntas agus trédhearcach; ag iarraidh ar Mhontainéagró an reachtaíocht ábhartha a leasú agus a chur chun feidhme;

12. á chur in iúl gur díol sásaimh di cuimsiú Mhontainéagró i dTuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta;

13. á chur in iúl gur díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta maidir le príomh-athchóirithe breithiúnacha a chur chun feidhme, creat straitéiseach nua a ghlacadh agus ceapacháin bhreithiúnacha seanbhunaithe a chur i gcrích;

14. ag tathant ar Mhontainéagró a chreat dlíthiúil, lena n-áirítear an bunreacht, a ailíniú a thuilleadh le dlíthe agus caighdeáin an Aontais maidir le neamhspleáchas, cuntasacht, neamhchlaontacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna, moltaí idirnáisiúnta atá fós gan réiteach a chur chun feidhme, agus critéir a chinneadh maidir le scor breithiúna agus ionchúisitheoirí i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha;

[5] https://www.osce.org/odihr/elections/montenegro/542637.

15. ag tabhairt dá haire na mbeart a glacadh sa chomhrac in aghaidh an éillithe, lena n-áirítear dlíthe agus forálacha nua maidir le sceithirí a chosaint; ag spreagadh Mhontainéagró chun ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus caighdeáin an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar mholtaí ón gCoimisiún, ó Choimisiún na Veinéise agus ó GRECO;

16. ag tabhairt dá haire obair na Gníomhaireachta um Éilliú a Chosc agus á iarraidh go gcuirfí cistiú leordhóthanach ar fáil di; ag iarraidh creat níos láidre chun éilliú a chosc;

17. ag tathant ar Mhontainéagró a reachtaíocht maidir le hairm a ailíniú le dlí an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta; á chur in iúl go bhfuil uafás uirthi faoin olllámhach tragóideach in Cetinje agus ag cur a comhbhróin in iúl le teaghlaigh na n-íospartach;

18. ag iarraidh ar Mhontainéagró a beartas víosa a ailíniú go hiomlán le beartas an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le tíortha a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo;

Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine

19. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil idirdhealú fós le sárú ag na grúpaí is leochailí sa tsochaí; ag iarraidh ar Mhontainéagró dlí nua in aghaidh an idirdhealaithe a ghlacadh chun rochtain grúpaí leochaileacha ar chearta a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir gur cuid dhílis de *acquis* an Aontais é cearta na mionlach náisiúnta a urramú;

20. ag cáineadh na fuathchainte agus na gcoireanna fuatha uile; á chur in iúl gur díol sásaimh di coiriúlú an chiníochais agus na fuathchainte;

21. ag iarraidh ar údaráis Mhontainéagró aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní, rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht a fheabhsú agus steiréitíopaí inscne a chomhrac; á chur in iúl gur cúis mhór imní di na rátaí arda foréigin inscne;

22. á chur in iúl gur díol sásaimh di dlíthe nua Mhontainéagró maidir leis na meáin agus a straitéis um beartas meán; á áitiú go bhfuil beartas neamhfhulaingthe maidir le brú nó ciapadh ar iriseoirí, lena n-áirítear pearsana poiblí; á chur i bhfios go láidir an gá atá le hobair leantach éifeachtach ar chásanna ón am a chuaigh thart;

23. á chur in iúl gur oth léi an leibhéal ard polaraithe atá i réim sna meáin agus a leochaileacht do thionchar polaitiúil agus eachtrach; ag iarraidh ar údaráis Mhontainéagró neamhspleáchas eagarthóireachta, institiúideach agus airgeadais an chraoltóra seirbhíse poiblí a áirithiú; ag iarraidh ar na heintitis meán uile ceanglais dhlíthiúla maidir le trédhearcacht cistiúcháin phoiblí a chomhlíonadh;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di foilsiú thorthaí dhaonáireamh 2023; ag spreagadh na bpáirtithe leasmhara iad a úsáid ar bhealach neamh-idirdhealaitheach;

25. á iarraidh ar an gComhairle um Chomhar idir an Rialtas agus ENRanna dul i mbun oibre arís;

Athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta

26. á mheabhrú gur gnéithe ríthábhachtacha de phróiseas an mhéadaithe iad dea-chaidreamh comharsanachta agus comhar réigiúnach; ag moladh rannpháirtíocht ghníomhach Mhontainéagró i dtionscnaimh um chomhar réigiúnach;

27. á chur in iúl gur oth léi nach bhféadfaí Caibidil 31 a dhúnadh i mí na Nollag 2024; ag iarraidh ar gach páirtí rannpháirteach réitigh a fháil ar shaincheisteanna déthaobhacha atá fós gan réiteach agus tosaíocht a thabhairt do leasanna na saoránach sna Balcáin Thiar amach anseo; á mheabhrú gur cheart úsáid díospóidí déthaobhacha agus réigiúnacha gan réiteach chun bac a chur ar phróisis aontachais na dtíortha is iarrthóirí a sheachaint;

28. ag spreagadh Mhontainéagró chun cur chuige réamhghníomhach a chur i bhfeidhm maidir le cásanna coireanna cogaidh a láimhseáil agus rochtain ar cheartas agus cúiteamh a áirithiú d'íospartaigh;

Athchóirithe socheacnamaíocha

29. á chur in iúl gur geal léi cuimsiú Mhontainéagró i scéimeanna íocaíochta SEPA, rud a laghdóidh costais do shaoránaigh agus do ghnólachtaí;

30. á chur in iúl gur díol sásaimh di an Plean Fáis do na Balcáin Thiar agus an tSaoráid Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar; á chur in iúl gur geal léi glacadh Mhontainéagró le clár oibre athchóirithe agus ag spreagadh a chur chun feidhme iomláin; á chur i bhfáth an tábhacht a bhaineann le comhairliúcháin chuimsitheacha le páirtithe leasmhara sna céimeanna ceaptha, cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta;

31. ag spreagadh Mhontainéagró chun an úsáid is fearr a bhaint as cistiú uile an Aontais agus a reachtaíocht maidir le calaois a chosc a ailíniú a thuilleadh leis an Aontas; á mheabhrú coinníollacht chistiú an Aontais;

32. ag tabhairt dá haire go dearfach fhás eacnamaíoch Mhontainéagró; ag iarraidh tuilleadh céimeanna chun an t-easnamh sa bhuiséad agus fiachas poiblí a laghdú, agus chun díolúintí indíreacha cánach nach bhfuil ailínithe le *acquis* an Aontais a bhaint a thuilleadh;

33. ag spreagadh údaráis Mhontainéagró chun borradh a chur faoin gclaochlú digiteach agus beartais atá bunaithe ar fhianaise a shaothrú i dtaca le margadh an tsaothair;

34. á iarraidh níos mó trédhearcachta sa soláthar poiblí, go háirithe maidir le nósanna imeachta trí chomhaontuithe idir-rialtasacha, agus comhlíonadh iomlán rialacha agus phrionsabail an Aontais;

Fuinneamh, an comhshaol agus nascacht

35. ag tathant ar Mhontainéagró an t-aistriú glas a chur chun cinn, a creat institiúideach agus rialála a fheabhsú agus athléimneacht fuinnimh a fheabhsú tríd an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a ghlacadh agus a chur chun feidhme, dlíthe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a ghlacadh agus comhtháthú breise a dhéanamh le margaí fuinnimh an Aontais;

36. ag spreagadh glacadh straitéisí earnála le haghaidh bainistiú dramhaíola, cáilíocht aeir agus uisce, cosaint an dúlra agus athrú aeráide, lena n-áirithítear pleanáil straitéiseach le haghaidh infheistíochtaí;

°

° °

37. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Mhontainéagró.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is náisiún é Montainéagró a bhfuil stair shaibhir aige, cé go raibh an stair sin suaite in amanna. Cé nach é mo ról ná ár ndualgas comhchoiteann an iomad machnaimh a dhéanamh ar an am atá caite, tá réaltacht pholaitiúil agus shóisialta na tíre faoi láthair fós múnlaithe go domhain aige. Cé nach gá dul siar ar theagmhais san am atá thart, ní mór dúinn iad a choinneáil i gcuimhne ar bhonn leanúnach. Trí na cruinnithe a bhí agam le raon éagsúil daoine polaitíochta – ó ionadaithe na sochaí sibhialta agus méaraí go hUachtarán na Poblachta – tá léargais luachmhara faighte agam a leathnaigh an tuiscint atá agam agus a dhaingnigh cuid de na barúlacha a bhí agam roimhe seo.

Tá Montainéagró i gcás polaitiúil a bhfuil cur amach aige air faoi láthair: bhí páirtí aonair sa rialtas ar feadh tríocha bliain, agus bhí ról lárnach aige maidir le neamhspleáchas an náisiúin agus a aontachas le ECAT a dhaingniú. Mar sin féin, d'fhág an rialachas seanbhunaithe sin go leor dúshlán gan réiteach, dúshláin ar theip air aghaidh a thabhairt ar go leor acu nó, i gcásanna áirithe, ar chuidigh sé go gníomhach lena gcruthú. Tá an comhrialtas rialaithe reatha thar a bheith éagsúil, rud a éilíonn comhordú suntasach agus, dá réir sin, glacadh le comhréitigh éagsúla. Mar sin, bheadh sé míchruinn a mhaíomh nach bhfuil daonlathas feidhmiúil ag Montainéagró. Thairis sin, léiríonn tírdhreach na meán sa tír leibhéal iolrachta atá i bhfad níos airde ná mar a fheictear in áiteanna eile sa réigiún.

In 2024, rinne an comhrialtas rialaithe, agus é ag obair go cuiditheach le freasúra na parlaiminte, dul chun cinn suntasach trí reachtaíocht a rith atá riachtanach chun príomhchaibidlí caibidlíochta a dhúnadh. D’éirigh le Montainéagró trí cinn as na ceithre chaibidil a raibh coinne leo a thabhairt chun críche – éacht nár cheart a mheas faoina luach. Cuireadh bac sealadach ar an gcaibidil atá fágtha mar gheall ar agóidí ón gCróit, ach tá sí fós ann.

Níos luaithe, rinne mé tagairt do thábhacht na staire, rud atá ábhartha go háirithe maidir leis an gcaibidil sin atá gan réiteach, toisc go bhfuil sí fréamhaithe go domhain i gcomhthéacs stairiúil an dá thír chomharsanachta. Cé gur dóigh liom gur chonstaic mhí-ámharach an bac sealadach sin, táim lánchinnte go ndéanfar é a réiteach ar deireadh i gcomhréir le luachanna Eorpacha—bunús an Aontais Eorpaigh agus a raison d’être.

D’athdhearbhaigh an comhrialtas rialaithe a ghealltanas na hathruithe reachtacha is gá a achtú chun ailíniú Mhontainéagró leis an Aontas Eorpach a chur chun cinn, rud a éascóidh críochnú an phróisis caibidlíochta. Léiríonn suirbhéanna ar thuairimí an phobail go seasta go bhfuil tacaíocht láidir d’aontachas leis an Aontas i measc shaoránaigh Mhontainéagró. Is spreagadh breise é an formheas forleathan sin do na húdaráis leanúint de na hathchóirithe agus na bearta reachtacha is gá don phróiseas sin a chur chun feidhme.

Ní mór don rialachas áitiúil oibriú go héifeachtach ionas go bhfeidhmeoidh an stát go héifeachtach. Mar sin féin, leis an reachtaíocht reatha maidir le toghcháin, lena gceadaítear toghcháin bhardasacha a reáchtáil ar dhátaí éagsúla seachas ar aon lá toghcháin náisiúnta amháin, cuirtear bac ar an éifeachtúlacht sin. Cruthaíonn an neamhréireacht sin teannais pholaitiúla a mbíonn iarmhairtí níos leithne acu ar an leibhéal náisiúnta, i bhfianaise mhéid agus dhaonra na tíre. Ina theannta sin, baineann sé an bonn d'éifeachtacht oibriúcháin an rialachais bhardasaigh agus stáit araon. Ba cheart leasuithe ar an reachtaíocht maidir le toghcháin a thabhairt isteach chun na neamhréireachtaí sin a cheartú agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna eile atá gan réiteach a bhaineann leis an bpróiseas toghcháin.

Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an mbreithiúnacht, nach mór a bheith bunaithe go daingean mar bhrainse neamhspleách cumhachta, go háirithe ós rud é gurb é ceann de mhórdhúshláin Mhontainéagró ná coireacht agus éilliú a chomhrac. Mar sin féin, bheadh sé éagórach a mhaíomh nach mbaineann an tsaincheist sin ach le Montainéagró amháin, toisc nach bhfuil aon tír slán ó dhúshláin dá leithéid. Tá difríochtaí ann, áfach, maidir leis an gcaoi a dtéann tíortha i ngleic leis na saincheisteanna sin agus an chaoi a dtugann siad aghaidh orthu. I bpléití leis na húdaráis, thug mé faoi deara leibhéal ard feasachta maidir leis na dúshláin sin, rud atá ina chomhartha dearfach agus spreagúil.

Is é an measúnú foriomlán atá agam ná nach bhfuil ganntanas toil pholaitiúil ann chun leanúint ar aghaidh ar an gconair Eorpach. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach gcuirfidh na luaineachtaí laethúla sa saol polaitíochta—a eascraíonn, i mo thuairim, as an líon mór páirtithe polaitiúla, agus gach ceann acu ag iarraidh a ionad féin a bhaint amach — bac ar achtú na reachtaíochta bunriachtanaí a theastaíonn chun an próiseas caibidlíochta a chur i gcrích. Ní mór an reachtaíocht a bheith chomh héifeachtach agus is féidir agus gan reachtaíocht a thabhairt isteach nach bhfuil aon substaint inti, d'ainneoin cathú a bheith ann déanamh amhlaidh.

Thar aon ní eile, ba cheart do Mhontainéagró neart a tharraingt óna stair shaibhir bhródúil, agus aitheantas á thabhairt don dul chun cinn suntasach atá déanta aici. Mar stát neamhspleách agus ceannasach, ba cheart dó dul ar aghaidh gan aon chastacht beagtháibhachta nach bhfuil gá leis. Tá gach deis aige dul isteach san Aontas laistigh de shainordú reatha na n-institiúidí Eorpacha.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.